M.48T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

## EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## ARDLEIBHÉAL

---

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

---

(400 marc)

---

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá cheist** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

---



THALL→

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá** cheist a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.

---

## ROINN I – EOLAÍOCH

**1.** Tabhair tuairisc ar thorthaí staidéir a rinne tú ar chailciam faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** príomhfhoinsí bia;
**(ii)** feidhmeanna sa chorp;
**(iii)** tosca a chuidíonn lena ionsú nó a chuireann cosc leis.
Scríobh nóta eolais ar oistéapóróis agus breacrianaigh na hathruithe slí mhaireachtála a mholfá do dhéagóirí chun a dheimhniú nach dtiocfaidh an riocht seo chun cinn.

**2.** Déan meastóireacht ar **(i)** na cúiseanna cothaitheacha, **(ii)** na cúiseanna eacnamaíocha agus **(iii)** na cúiseanna praiticiúla, ar chóir glasraí a chur san áireamh i bpleanáil béilí.
Luaigh cén chaoi a dtéann modhanna cócaireachta agus próiseála i bhfeidhm ar ghlasraí.
Agus réimse glasraí éagsúla á úsáid agat, tabhair treoracha soiléire chun mias príomhchúrsa, oiriúnach do veigeatóir, a ullmhú, a chócaráil agus a riar.
Breacrianaigh na cúiseanna a bhfuil méadú ag teacht ar an tóir atá ar tháirgí áise glasraí.

**3.** Déan cur síos **(i)** ar struchtúr agus **(ii)** ar fheidhmeanna chorda an dromlaigh.
Mínigh cén chaoi a seoltar néar-ríoga mórthimpeall an choirp.
Tabhair cuntas ar fheidhmiú uathchóras na néaróg.
Breacrianaigh ról na heirre inchinne (medulla oblongata) sa chorp.

**4.** Tabhair cuntas mionsonraithe ar bhainne agus bíodh tagairt agat do **gach cheann** díobh seo a leanas:
**(i)** luach cothaitheach agus luach diaitéiteach;
**(ii)** **dhá** chóireáil teasa is féidir a úsáid agus bainne á phróiseáil.
Tabhair treoracha maidir le mias neamh-mhilis, a bhfuil anlann bunaithe ar bhainne san áireamh inti, a ullmhú, a chócaráil agus a riar. (Bíodh treoracha iomlána chun an t-anlann a dhéanamh san áireamh agat).
Déan cur síos ar an bpróiseas atá i gceist le hiógart a dhéanamh.

## **ROINN 11 – SÓISIALTA**

**5.** Ainmnigh agus pléigh príomhfheidhmeanna an teaghlaigh.
Tabhair cuntas ar iarmhairtí athruithe sóisialta agus eacnamaíocha ar an aonad teaghlaigh nua-aimseartha.
Scríobh cuntas eolais ar **<u>dhá</u>** cheann díobh seo a leanas:
**(i)** An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh 1976;
**(ii)** An tAcht um Dhlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976;
**(iii)** An tAcht um Fhoréigean Baile 1996.

**6.** Pléigh na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht i gceist do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh imeascadh sa phobal.
Tabhair cuntas ar an bhfeabhas atá tagtha ar áiseanna agus ar sheirbhísí d'fhonn freastal ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíchumas.
Ainmnigh agus breacrianaigh an ról atá ag comhlacht reachtúil **<u>nó</u>** ag eagras deonach náisiúnta a thugann tacaíocht shonrach do dhaoine faoi mhíchumas.

**7.** Déan na buntáistí a bhaineann leis na roghanna tithíochta seo a leanas a mheas:
**(i)** teach á cheannach **<u>agus</u>** **(ii)** áit chónaithe a fháil ar cíos.
Pléigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus ionad cónaithe príobháideach ar cíos á roghnú.
Déan achoimre ar fhreagrachtaí an tiarna talún agus ionad cónaithe á chur ar fáil aige ar cíos.
Luaigh na coinníollacha ba chóir a bheith san áireamh i léas.

**8.** Cuir le chéile sraith treoirlínte ba chóir a leanúint agus teach á théamh, d'fhonn éifeachtúlacht úsáid fuinnimh a dheimhniú.
Déan cur síos **(i)** ar chomhdhéanamh agus **(ii)** ar phrionsabal oibriúcháin i gcás téitheoirí stórála leictreacha.
Déan cur síos ar **<u>dhá</u>** ghné sábháilteachta a áirítear i gcórais leictreacha i dtithe cónaithe nua-aimseartha.
Déan luacháil ar bhuntáistí téamh fo-urláir.

**9.** Déan achoimre ar na tosca ginearálta ba chóir a chur san áireamh agus an dearadh á phleanáil do chistin nua.
Dear agus tarraing sceitse de leagan amach cistine i dteach nua-aimseartha teaghlaigh.
Ba chóir go mbeadh an sceitse lipéadaithe go soiléir ag léiriú ionad na bhfearas móra agus na bhfeistí go léir.
Déan cur síos ar an bhfean eistarraingthe a mholfá don chistin faoi **<u>gach ceann</u>** de na ceannteidil seo a leanas: **(i)** comhdhéanamh; **(ii)** prionsabal oibriúcháin; **(iii)** cúram agus glanadh.